CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 144/2020

an 25 Meán Fómhair 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (an Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/1402]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha maidir le leithdháileadh saor in aisce comhchuibhithe lamháltas astaíochtaí de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 aisghairtear, le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, Cinneadh 2011/278/AE ón gCoimisiún ([2]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21alk (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún):

'21all. **32019 R 0331**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha maidir le leithdháileadh saor in aisce comhchuibhithe lamháltas astaíochtaí de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Cuirfear an abairt seo a leanas leis an dara fomhír d'Airteagal 18(4):

'I gcás Stáit CSTE, is ionann fógra a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE agus fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach a mhéid a bhaineann le leithdháileadh lamháltas ag an gCoimisiún Eorpach 'ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce'.'

2. Scriosfar téacs phointe 21alc (Cinneadh 2011/278/AE ón gCoimisiún) le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 59, 27.2.2019, lch. 8.
([2]) IO L 130, 17.5.2011, lch. 1.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 26 Meán Fómhair 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 112/2020 ó Chomhchoiste LEE an 14 Iúil 2020 ([3]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Sabine MONAUNI

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([3]) Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 112/2020 an 14 Iúil 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE 2023/1372 (IO L 172, 6.7.2023, lch. 33).